Déardaoin 2. Feabhra 2023

P9_TA(2023)0029

Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 maidir leis an ullmhúchán don chruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin (2023/2509(RSP))

(2023/C 267/02)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an Úcráin,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile ([1]), agus don Limistéar Domhain agus Cuimsitheach Saorthrádála idir an tAontas agus an Úcráin a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais sin, a síníodh in 2014 (Comhaontú Comhlachais/DCFTA),

— ag féachaint don iarratas ar bhallraíocht san Aontas a rinne an Úcráin an 28 Feabhra 2022, do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 dar teideal *Commission Opinion on Ukraine's application for membership of the European Union* [Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach] (COM(2022)0407) agus do na conclúidí ón gComhairle Eorpach ina dhiaidh sin an 23 agus an 24 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, do Choinbhinsiúin na Háige, do Choinbhinsiúin na Ginéive agus do na prótacail bhreise a ghabhann leo, agus do Reacht na Róimhe,

— ag féachaint don ráiteas comhpháirteach tar éis an 23ú cruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin, an 12 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2022,

— ag féachaint do Riail 132(2) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil cogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ón 24 Feabhra 2022 i leith; de bhrí gur sárú follasach agus mináireach ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta é an cogadh foghach sin; de bhrí go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar an staid gheopholaitiúil san Eoraip, rud a éilíonn cinntí polaitiúla, slándála agus airgeadais atá misniúil, cróga agus cuimsitheach ón Aontas Eorpach; de bhrí gur fhulaing an Úcráin ó fhogha na Rúise ó bhris agóidí amach i mí na Samhna 2013 i gcoinne chinneadh an Uachtaráin a bhí ann ag an am síniú an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin a chur ar fionraí;

B. de bhrí go bhfuil ionsaithe gan idirdhealú déanta ag fórsaí na Rúise ar cheantair chónaithe agus ar bhonneagar sibhialta; de bhrí gur dúnmharaíodh na mílte sibhialtach, lena n-áirítear na céadta leanaí, cheana féin agus go ndearnadh go leor eile díobh a chéasadh, a chiapadh, a fhuadach nó a easáitiú le lámh láidir nó go ndearnadh ionsaí gnéis orthu; de bhrí go bhfuil neamhaird iomlán á tabhairt ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta leis an iompar mídhaonnachtúil sin ó fhórsaí na Rúise agus óna seach-ionadaithe; de bhrí, an 30 Meán Fómhair 2022, go ndearna an Rúis a hionghabháil ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia san Úcráin, atá faoi fhorghabháil i bpáirt ag an Rúis, a dhearbhú go haontaobhach, sa bhreis ar an ionghabháil a rinne sí roimhe sin ar leithinis na Crimé;

C. de bhrí go bhfuil tiomantas suntasach léirithe ag ceannaireacht pholaitiúil agus ag muintir na hÚcráine maidir le feidhmiú institiúidí stáit agus seirbhísí poiblí a choimeád ar bun in ainneoin an chogaidh;

D. de bhrí go bhfuil an 24ú cruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin le bheith ar siúl an 3 Feabhra 2023 i gCív; de bhrí go dtugann an cruinniú mullaigh seo deis iontach ní hamháin chun an staid ar an láthair agus tosaíochtaí reatha na hÚcráine a phlé, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus mhíleata, cuntasacht as coireanna cogaidh na Rúise, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireacht ionsaithe, for-rochtain dhomhanda, bearta sriantacha agus slándáil bia agus

([1]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.

Déardaoin 2. Feabhra 2023

fuinnimh, ach freisin chun gníomhaíocht a dhéanamh a bhfuil gá léi chun go leanfaidh an Úcráin lena hiarracht athchóirithe, mar a shonraítear sa Chomhaontú Comhlachais/DCFTA agus sna seacht dtosaíocht a léirítear i dtuairim ón gCoimisiúin an 17 Meitheamh 2022 agus iad siúd a bhfuil ballraíocht AE mar thoradh orthu;

E. de bhrí go bhfuil géarú suntasach ar idirphlé polaitiúil agus ar neartú comhlachais pholaitiúil agus comhtháthú eacnamaíoch cheana féin mar thoradh ar an gComhaontú Comhlachais idir AE agus an Úcráin atá i bhfeidhm ó 2014 i leith, agus go bhfuil ionchais nua ann don chomhar earnálach mar thoradh air;

F. de bhrí gur iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gconclúidí uaithi an 13 Nollaig 2022 maidir le méadú agus an próiseas cobhsaíochta agus comhlachais, treochlár a ullmhú ina leagfaí amach na chéad chéimeanna eile chun rochtain na hÚcráine ar mhargadh aonair an AE a éascú, agus leas á bhaint as acmhainn iomlán an Chomhaontaithe Comhlachais/DCFTA leis an Úcráin;

G. de bhrí, an 17 Meitheamh 2022, gur fhoilsigh an Coimisiún a thuairim maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht AE agus gur mhol sé stádas iarrthóra AE a thabhairt don Úcráin ar an tuiscint go ndéanfar bearta athchóirithe áirithe amhail bearta maidir leis an smacht reachta agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe; de bhrí gur mheabhraigh an Chomhairle, sna conclúidí uaithi an 13 Nollaig 2022, gur iarradh ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a shonraítear i dtuairim ón gCoimisiúin an 17 Meitheamh 2022 mar chuid dá gnáthphacáiste um méadú in 2023, agus gur thug sí dá haire rún an Choimisiúin nuashonrú a chur ar fáil in earrach 2023 ina ionad sin;

H. de bhrí nach féidir dlús a chur le ballraíocht san Aontas agus gur próiseas casta agus struchtúrtha, atá bunaithe ar fhiúntas agus atá ag brath ar chur chun feidhme éifeachtach athchóirithe agus ar thrasuí an *acquis* atá i bpróiseas an aontachais fós; de bhrí go ndéantar dul chun cinn gach tíre maidir le conair an aontachais a mheasúnú ar a fiúntas féin agus ar a próiseas athchóirithe; de bhrí, áfach, nach n-eisiatar dlús a chur le tús an phróisis mar léiriú ar thiomantas an Aontais don Úcráin sa chomhthéacs nua geopholaitiúil a cruthaíodh le fogha na Rúise; de bhrí go mbeidh ról tábhachtach ag an gcumas a bheidh ag an Aontas ballstáit nua a ghlacadh in aontachas eile amach anseo;

I. de bhrí go bhfuil dílárú agus an féinrialtas áitiúil ina mbunchlocha de dhaonlathas na hÚcráine agus gur gnéithe tábhachtacha iad d'athléimneacht na hÚcráine le linn an chogaidh; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh bardais i gceannas ar atógáil áitiúil chun a áirithiú go mbeidh cistí náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh sreabhadh atógála ag dul chuig na háiteanna is mó a bhfuil gá leo;

1. á athdhearbhú go ndéanann sí an cáineadh is géire is féidir ar chogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise sa chogadh sin, agus á iarraidh go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata san Úcráin agus go dtarraingeodh sí gach fórsa agus trealamh míleata siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine, a aithnítear go hidirnáisiúnta;

2. ag athdhearbhú a dlúthpháirtíochta buanseasmhaí le muintir na hÚcráine a bhfuil misneach agus athléimneacht urghnách á léiriú acu i gcónaí agus iad faoi bagairtí agus ionsaithe gan staonadh ón 24 Feabhra 2022 agus le naoi mbliana anuas le linn fhogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

3. ag tacú go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é an cogadh seo; á athdhearbhú, ina leith sin, go gcáineann sí ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia san Úcráin, mar aon le leithinis na Crimé;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le cuntasacht as coireanna cogaidh, as coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus as coir an fhogha atá á ndéanamh ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine; ag athdhearbhú a hiarrata ar an Aontas agus ar a Bhallstáit ról ceannasach a ghlacadh agus tacú go gníomhach le binse speisialta a chur ar bun chun coir an fhogha atá á déanamh ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine a imscrúdú agus a ionchúiseamh; á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán leis an imscrúdú atá ar bun faoi láthair ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC) ar chúrsaí san Úcráin agus ar na coireanna cogaidh, na coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus an cinedhíothú a líomhnaítear atá á ndéanamh; ag tathant ar an Úcráin Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus na leasuithe atá déanta air a dhaingniú agus ballraíocht fhoirmiúil a bhaint amach sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chun tacú leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá ar bun chun cuntasacht as coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta a shuí;

5. ag leanúint dá hiarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit, chomh maith le comhpháirtithe an Aontais, an tacaíocht pholaitiúil, mhíleata, eacnamaíoch, a bhaineann leis an mbonneagar, agus an tacaíocht airgeadais agus dhaonnúil uile is gá a chur ar fáil don Úcráin; ag dréim leis go mbainfidh na Ballstáit úsáid as an gCruinniú Mullaigh atá beartaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun a dtiomantas a neartú;

6. á chur i bhfios go láidir an gá leanúnach atá le cabhair dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin agus á iarraidh ar an Aontas agus ar an Úcráin riachtanais na n-ocht milliún Úcránach atá ar a dteitheadh ón gcogadh agus ina gcónaí go sealadach i mBallstáit an Aontais a phlé; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur cuireadh síneadh le déanaí leis an Treoir um Chosaint Shealadach ([2]) go dtí mí an Mhárta 2024; á chur i bhfios go láidir gur gá tosaíocht a thabhairt do chás na leanaí agus na mban, go háirithe do mhná torracha, do thuismitheoirí aonair agus d'íospartaigh na gáinneála, agus dul i gcomhar le chéile chun na hÚcránaigh a díbríodh go héigeantach a fhilleadh ar an Úcráin agus chun teaghlaigh na leanaí a uchtaíodh go héigeantach ón Úcráin a athaontú;

7. á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena gcúnamh míleata don Úcráin agus méadú a dhéanamh ar an gcúnamh sin, go háirithe soláthar arm, mar fhreagairt ar riachtanais atá sainaitheanta go soiléir; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na cinntí is déanaí chun feithiclí nua-aimseartha troda coisithe, iompróirí pearsanra armúrtha, córais aerchosanta agus an t-armlón ábhartha a chur ar fáil don Úcráin agus ag tathant ar na Ballstáit dlús a chur le seachadadh na tacaíochta míleata agus an trealaimh mhíleata don Úcráin; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó rialtais roinnt de Bhallstáit an Aontais, ó na Stáit Aontaithe. ón Ríocht Aontaithe agus ó Cheanada i dtaobh príomhthancanna catha nua-aimseartha a chur ar fáil don Úcráin; á áitiú go gcuirfear tús láithreach le hoiliúint chriúnna na hÚcráine in oibriú na dtancanna sin agus á iarraidh go ndéanfar breithniú ar scairdeitleáin trodaíochta ón Iarthar agus córais diúracán fadraoin a sheachadadh mar chéad chéim eile;

8. á iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis an bplean síochána 10 mbliana dtogra a thíolaic Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy agus dul i mbun plé leis an Úcráin maidir le ráthaíochtaí slándála a bheidh ann amach anseo, amhail iad siúd a mholtar i gComhshocrú Slándála Chív agus oibriú i dtreo comhghuaillíocht idirnáisiúnta a bhunú chun an plean sin a chur chun feidhme;

9. ag tacú le bunú an mhisin cúnaimh mhíleata chun oiliúint a chur ar fhórsaí armtha na hÚcráine ar ithir an Aontais; ag aithint na hoibre atá á déanamh faoi láthair ag Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin agus á chur in iúl gur geal léi an coigeartú a rinneadh le déanaí ar a shainordú chun tacú le húdaráis na hÚcráine i dtaobh imscrúdú agus ionchúiseamh a éascú maidir le haon choireanna idirnáisiúnta a rinne fórsaí armtha na Rúise agus amhais i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

10. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh an Meabhrán Tuisceana agus an Comhaontú Saoráide Iasachta an 16 Eanáir 2023 maidir leis an bpacáiste tacaíochta gan fasach EUR 18 mbilliún a thabharfar don Úcráin in 2023 tríd an ionstraim um Chúnamh Macra-Airgeadais Plus chomh maith le heisíocaíocht mhear na chéad tráthchoda an 17 Eanáir 2023; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de ghealltanais maidir le cúnamh airgeadais agus teicniúil a chur chun feidhme go mear chun cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch na hÚcráine a áirithiú, bonneagar criticiúil a athbhunú agus seirbhísí poiblí bunriachtanacha a choinneáil ar bun, go háirithe d'fhonn ionsaithe leanúnacha na Rúise ar bhonneagar sibhialtach a chuireann líon suntasach de shaoránaigh na hÚcráine i mbaol nach mbeidh rochtain acu ar bhunseirbhísí amhail uisce, téamh agus leictreachas; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cúnamh airgeadais an Aontais agus cúnamh airgeadais idirnáisiúnta eile a úsáid ar bhealach freagrach, trédhearcach agus éifeachtach, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé córas soláthair phoiblí na hÚcráine a athshuiteáil tríd an gcóras ProZorro a athbhunú go hiomlán;

11. á iarraidh go mbainfí úsáid as an gCruinniú Mullaigh atá beartaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun tosaíocht a thabhairt don ghá atá le phacáiste cuimsitheach téarnaimh ón Aontas a chur ar fáil don Úcráin, ar pacáiste é ba cheart a bheith dírithe ar fhaoiseamh, atógáil agus téarnamh láithreach, meántéarmach agus fadtéarmach na tíre agus cabhrú tuilleadh le fás an gheilleagair a neartú a luaithe a bheidh an cogadh thart; á mheabhrú gur cheart an pacáiste téarnaimh a bheith faoi stiúir go comhpháirteach ag an Aontais, ag institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus ag comhpháirtithe atá ar aon intinn, le rannpháirtíocht shuntasach an G7; á mholadh go rannchuideodh ionadaithe féinrialtais áitiúla na hÚcráine le ceapadh na mbeart téarnaimh; á mholadh go mbunófaí sásra soiléir agus trédhearcach chun ról a thabhairt do shochaí shibhialta na hÚcráine i bpríomhphróisis chinnteoireachta, agus á iarraidh go leanfaí de thacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dálaí comhshaoil agus trédhearcachta don

([2]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

Déardaoin 2. Feabhra 2023

iarracht atógála; á áitiú go ndéanfar na hathchóirithe comhshaoil is ábhartha a chur chun feidhme, chomh maith le coimircí éifeachtacha a bhunú chun an comhshaol a chosaint le linn fhorbairt agus atógáil na hÚcráine; á iarraidh go n-úsáidfí acmhainneacht riachtanach bhuiséad an Aontais chun tacú leis an bpacáiste téarnaimh;

12. ag athdhearbhú a hiarrata ar bhunús dlí cuí a shainaithint chun go bhféadfar sócmhainní de chuid Bhanc Ceannais na Rúise a úsáid, chomh maith le sócmhainní olagarcaí na Rúise, chun atógáil na hÚcráine a mhaoiniú; ag tacú le misean faireacháin idirnáisiúnta speisialta a chur ar bun chun taifead a dhéanamh ar iarmhairtí comhshaoil fhogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine d'fhonn bonn a leagan síos chun cúiteamh sonrach a fháil ón Rúis;

13. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle Eorpaí i dtaobh stádas mar thír is iarrthóir AE a dheonú don Úcráin; á chur i bhfios go láidir nach mór aontachas leis an Aontas Eorpach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 49 CAE, bunaithe ar na nósanna imeachta ábhartha a urramú agus coinníollach ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar síos, go háirithe critéir Chóbanhávan, mar a thugtar orthu, maidir le ballraíocht san Aontas, agus gur próiseas i gcónaí é atá bunaithe ar fhiúntas lena gceanglaítear athchóirithe ábhartha a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go háirithe i réimsí an daonlathais, an smachta reachta, chearta an duine, na gceart bunúsach, gheilleagar an mhargaidh agus chur chun feidhme *acquis* an Aontais;

14. ag athdhearbhú a tiomantais do bhallraíocht na hÚcráine san Aontas Eorpach; á chreidiúint gur léiriú í ballraíocht na hÚcráine san Aontas ar infheistíocht gheostraitéiseach in Eoraip atá aontaithe agus láidir; á athdhearbhú gurb ionann iarratas na hÚcráine ar bhallraíocht san Aontas agus ceannaireacht, diongbháilteacht agus fís a léiriú i gcomhthéacs an lae inniu maidir le cogadh brúidiúil foghach na Rúise agus go dtugtar teachtaireacht pholaitiúil shoiléir leis go bhfuil conair Eorpach do-athraithe roghnaithe ag an Úcráin, lena bhfaighfear tacaíocht óna comhpháirtithe Eorpacha;

15. á chur in iúl gur geal léi uaillmhianta Eorpacha mhuintir na hÚcráine agus, dá bhrí sin, ag tathant ar cheannairí polaitiúla agus ar údaráis na hÚcráine leas a bhaint as an móiminteam agus an clár oibre um athchóiriú a bhaineann leis an Aontas a shaothrú go bríomhar, agus na tosaíochtaí a léirigh an Coimisiún sa tuairim uaidh maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht AE á gcur san áireamh;

16. á iarraidh ar údaráis na hÚcráine a dtiomantas polaitiúil gníomhú ar uaillmhianta Eorpacha a bpobal a léiriú gan débhrí trí fheabhas suntasach a chur ar an dul chun cinn le hathchóirithe suntasacha chun na critéir maidir le ballraíocht AE a chomhlíonadh go héifeachtach a luaithe is féidir; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, gur gá neamhspleáchas na n-institiúidí frith-éillithe go léir a chosaint, saoirse na meán a fheabhsú, éifeachtúlacht agus cuntasacht na mbreithiúna a neartú, aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i bhfeidhmiú comhlachtaí forfheidhmithe dlí agus iolrachas polaitiúil agus iolrachas páirtithe laistigh agus lasmuigh de Pharlaimint na hÚcráine a áirithiú; á iarraidh ar an Úcráin staonadh ó reachtaíocht a rith nach bhfuil comhoiriúnach le *acquis* AE nó a chuireann an méid atá bainte amach sa phróiseas athchóirithe agus sa chomhrac i gcoinne an éillithe i mbaol;

17. á iarraidh orthu siúd a bheidh ag freastal ar an gcruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin oibriú i dtreo thús na caibidlíochta aontachais agus tacú le treochlár ina leagfar amach na chéad chéimeanna eile chun aontachas na hÚcráine le margadh aonair AE a chumasú, ag díriú ar thairbhí nithiúla a chur ar fáil do shochaí na hÚcráine agus do shaoránaigh na hÚcráine ó thús an phróisis, bunaithe ar chur chuige céim ar chéim; á iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí plean misniúil uaillmhianach le chéile do na caibidlíochtaí sin agus go ndéanfaí an Úcráin a lánpháirtiú go tapa agus céim ar chéim i mbeartais agus cláir an Aontais, chomh maith le treochlár a chur ar fáil do gach céim den phróiseas sin; á iarraidh go mbeadh idirghníomhaíocht nuálach, chomhlántach agus sholúbtha ann idir an obair leanúnach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais atá i bhfeidhm agus phróiseas caibidlíochta an aontachais;

18. á iarraidh ar Rialtas na hÚcráine leanúint d'fhéinrialtas áitiúil a neartú, athchóiriú a bhfuil ardmholadh náisiúnta agus idirnáisiúnta faighte aige, agus rath an athchóirithe díláraithe a leabú i struchtúr foriomlán phróisis deisiúcháin, téarnaimh agus atógála na hÚcráine:

19. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin maidir le hailíniú le margadh aonair AE agus á iarraidh go nglacfar go pras an plean gníomhaíochta tosaíochta le haghaidh chur chun feidhme feabhsaithe DCFTA idir AE agus an Úcráin ó 2023-2024; á iarraidh go gcuirfí síneadh le Rialachán (AE) 2022/870 maidir le léirscaoileadh trádála sealadach ([3]), chomh maith le hathbhreithniú práinneach a dhéanamh ar bhearta breise léirscaoilte iompair a d'fhéadfadh a bheith ann;

([3]) Rialachán (AE) 2022/870 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, IO L 152, 3.6.2022, lch. 103.

Déardaoin 2. Feabhra 2023

20. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú 'fánaíocht ar tháillí baile' arna éascú ag AE idir cuideachtaí teileachumarsáide AE agus na hÚcráine ar mhaithe le dídeanaithe ón Úcráin agus á chur in iúl gur geal léi an fadú atá curtha leis; á iarraidh go ndéanfaí margadh teileachumarsáide na hÚcráine a chomhtháthú i margadh teileachumarsáide an Aontais Eorpaigh;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go ndéanfaí cumarsáid straitéiseach a neartú agus faisnéis ábhartha a chur ar fáil maidir leis na tairbhí frithpháirteacha agus na deiseanna frithpháirteacha a bhaineann leis an méadú san Úcráin agus sna Ballstáit araon chun an tacaíocht a thugtar don phróiseas aontachais a mhéadú tuilleadh agus an tuiscint atá air a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go ndéanfaí infheictheacht chistiú an Aontais agus a thorthaí nithiúla san Úcráin a fheabhsú; á áitiú ról gníomhach a bheith ag sochaí shibhialta na hÚcráine agus ag AE i gcur chun feidhme na gcuspóirí sin;

22. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach na hÚcráine i dtionscnamh Chomhpháirtíocht an Oirthir de chuid AE agus á iarraidh go ndéanfaí an tionscnamh polaitiúil sin a neartú, mar ardán tábhachtach don chomhar réigiúnach agus don mhalartú taithí ar athchóiriú idir tíortha comhpháirtíochta atá ag iarraidh comhar níos dlúithe le AE nó ballraíocht AE;

23. á iarraidh ar institiúidí an Aontais go ndéanfaí na deiseanna a leathnú chun oifigigh ón Úcráin a chuimsiú ionas go mbeidh siad in ann staideár a dhéanamh ar obair institiúidí an Aontais agus breathnú ar an obair sin; ag spreagadh cruinnithe parlaiminteacha déthaobhacha idir parlaimintí na mBallstát agus parlaimintí na hÚcráine; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit go leanfaí de na deiseanna oideachais a chur ar fáil do dhaoine óga, státseirbhísigh agus taidhleoirí, agus daoine eile ón Úcráin; á iarraidh go seolfaí nósanna imeachta chun Acadamh Chomhpháirtíocht an Oirthir um Riarachán Poiblí a bhunú;

24. á iarraidh ar na Ballstáit an 10ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise a ghlacadh a luaithe is féidir agus tograí a thíolacadh go réamhghníomhach chun smachtbhannaí a fhorbairt tuilleadh trí earnálacha agus daoine aonair nua a chur san áireamh; ag tathant ar na Ballstáit uile leanúint d'aontacht a léiriú in aghaidh chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh ar na comhpháirtithe uile, go háirithe tíortha is iarrthóirí AE agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, ailíniú leis na pacáistí smachtbhannaí;

25. á iarraidh go leathnófaí liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas a ndírítear orthu leis na smachtbhannaí chun cuideachtaí Rúiseacha atá fós i láthair ar mhargaí AE a chur san áireamh, amhail Lukoil agus Rosatom, agus na daoine sin a bhfuil baint acu le hionnarbadh éigeantach, le príosúnacht neamhdhleathach ghníomhaithe sibhialta na Rúise agus chomhaltaí an fhreasúra pholaitiúil, leis na 'reifrinn' neamhdhleathacha i Luhansk, Kherson, Zaporizhzhia agus Donetsk, agus leis na 'toghcháin' neamhdhleathacha sa Chrimé agus in Sevastopol, chomh maith le gach comhalta de pháirtithe an Dúma Stáit a bhfuil oifigí acu i bparlaimintí tofa ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal bardasach, agus comhaltaí de mheáin bholscaireachta na Rúise a scaipeann tuairimí i gcoinne na hÚcráine agus ar son an chogaidh; á iarraidh ar an gComhairle liosta na ndaoine sin atá faoi smachtbhannaí a mhéadú chun daoine aonair a áireamh ón liosta a mhol Fondúireacht Frith-Éillithe Alexey Navalny; ag tathant ar an Úcráin, ag an am céanna, go ndéanfaí dlí Magnitsky na hÚcráine a ghlacadh; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar dhiamaint a allmhairiú, a cheannach nó a aistriú go díreach nó go hindíreach, bídís i bhfoirm amh nó i bhfoirm phróiseáilte, de thionscnamh Chónaidhm na Rúise;

26. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí trádbhac iomlán agus láithreach ar allmhairí breoslaí iontaise agus úráiniam ón Rúis, agus go n-éireofaí as píblínte Nord Stream 1 agus 2 go hiomlán, chun deireadh a chur le meaisín cogaidh Putin a mhaoiniú le hairgead AE; á iarraidh go neartófaí na bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise; ag tathant ar an gComhairle, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, an chaidhp phraghais ar ola a thagann ón Rúis nó a onnmhairítear ón Rúis a laghdú;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis mhaoirseachta AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus cuimsitheach smachtbhannaí uile AE ag na Ballstáit agus aghaidh a thabhairt ar aon chleachtais imchéimnithe, lena n-áirítear na lúba ar lár atá ann cheana a dhúnadh; ag cáineadh na dtríú tíortha sin a chabhraigh leis an Rúis agus leis an mBealarúis teacht timpeall ar na smachtbhannaí a forchuireadh agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta i gcoinne na dtríú tíortha sin;

28. ag cáineadh an chinnidh a rinne an Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeacha le déanaí chun ligean do lúthchleasaithe na Rúise agus na Bealrúise dul in iomaíocht i gcáiliú do Chluichí Oilimpeacha 2024 i bPáras faoi bhratach neodrach, rud a ritheann in aghaidh leithlisiú ilghnéitheach na dtíortha sin agus rud a úsáidfidh an dá réimeas chun críocha bolscaireachta;

29. ag athdhearbhú a hiarrata ar AE agus ar a Bhallstáit leithlisiú idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise a neartú, lena n-áirítear maidir lena ballraíocht in eagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta, staonadh ó aon imeachtaí foirmiúla a reáchtáil ar chríoch Chónaidhm na Rúise, lena ndéanfaí leibhéal an chaidrimh taidhleoireachta le Moscó a laghdú;

30. ag cáineadh fhorghabháil neamhdhleathach stáisiún núicléach Zaporizhzhia na hÚcráine ag an Rúis agus, chun an baol go dtarlódh teagmhas núicléach nó raideolaíoch a mhaolú, ag tacú leis an togra chun crios sábháilteachta núicléiche agus cosanta slándála núicléiche a bhunú timpeall air, mar a mhol an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach;

Déardaoin 2. Feabhra 2023

31. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit go ndéanfaí obair go straitéiseach agus go réamhghníomhach chun bagairtí hibrideacha a chomhrac agus chun cur isteach na Rúise ar na próisis pholaitiúla, toghcháin agus dhaonlathacha eile san Úcráin níos faide anonn a chosc, go háirithe gníomhartha mailíseacha arb é is aidhm dóibh tuairimí an phobail a chúbláil agus an bonn a bhaint ó lánpháirtiú na hEorpa; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit go méadófaí athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise agus feachtais shuaiteacha atá ceaptha chun an bonn a bhaint ó phróisis dhaonlathacha agus chun deighiltí a chruthú san Úcráin;

32. ag treorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Verkhovna Rada na hÚcráine.